


# ID FN

ART PROJECT

A Mayo County Council Arts Office Public Art Programme initiative in collaboration with The Linenhall Arts Centre

Tionscadal de chuid Chlár na nEalaíon Poiblí de chuid Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo i gcomhar le hIonad Ealaíon Halla an Línéadaigh

FIND
A MAYO COUNTY COUNCIL ARTS OFFICE PUBLIC ART PROGRAMME INITIATIVE IN COLLABORATION WITH THE LINENHALL ARTS CENTRE

TIONSCADAL DE CHUID CHLÁR NA NEALAÍON POIBLÍ DE CHUID OIFIG EALAÍON CHOMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO I gCOMHAIR LE hIONAD EALAÍON HALLA AN LÍNÉADAIGH

SATURDAY 29TH MARCH 2014
DÉ SATHAIRN 29 MÁRTA 2014

WWW.FINDARTPROJECT.COM

ARTISTS/NA hEALAÍONTÓIRÍ:
IAN WIECZOREK
AMANDA RICE
CHRIS LEACH
NUALA CLARKE WITH CRYSTAL GANDRUD
ALICE DIXON & ANTHONY CHAMPA (EXTERUS)
JOANNA HOPKINS

MENTORS/MEANTÓIRÍ:
ALICE MAHER
AIDEEN BARRY

# INTRODUCTION: RÉAMHRÁ:

FIND is a series of temporary artworks/installations/events in and around the town of Castlebar, Co Mayo. The works are installed within walking distance of each other and found via the map included in this brochure or by attending the guided artist tours. The Linenhall Arts Centre will act as central headquarters/studio for participating artists and audience alike.

This project is the first collaboration of the Linenhall Arts Centre and the Mayo County Council Arts Office Public Art Programme, curated by Gaynor Seville. The series of temporary installations are created by Mayo based artists who applied for the commissions via an open competition process. The Linenhall Arts Centre and the project mentors selected the final artists.

The theme of FIND is experience of temporary work, and documentation and legacy of temporary work. Artists were encouraged to consider discreet or ‘hidden’ works that will be ‘unravelled’, or be revealed, via the event tour, and map – encouraging the audience to search out the work.

The Mayo artists who were selected for the commissions are Ian Wieczorek, Amanda Rice, Chris Leach, Nuala Clarke with Crystal Gandrud, Alice Dixon with Anthony Champa (Exterus) and Joanna Hopkins.

These artists also had the opportunity to be mentored and supported by International profile artists Alice Maher and Aideen Barry during the development and realisation of their ideas. Alice had a hugely successful mid career retrospective at IMMA in 2013 and she has vast experience in working in installation, site-specific and temporal art. Aideen Barry has a multi versatile practice, which spans a range of art forms and approaches, including sculpture, performance, drawing, and animation. Aideen also acts and an advocate for visual artists based in the west of Ireland in her role as Western Representative for Visual Artists Ireland. She teaches at the Limerick School of Art and Design as a Lecturer in Sculpture and Combined Media.

An accompanying exhibition at the Linenhall, will expose the studio work and process behind the production of the artists artworks. The gallery space will in effect become a living installation of artist’s studios during the month of the exhibition and audience members throughout the month will have the opportunity to observe and meet the artists working in the space.

Sraith de shaothar ealaíon/ealaín suiteála/imeachtaí i mbaile Chaisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo agus mórthimpeall air is ea FIND. Tá na saothair suite achar siúlóide óna chéile agus tiocfar orthu tríd an léarscáil atá faoi iamh an leabhráin seo nó trí fhreastal ar na turais treoraithe. Beidh Halla an Línéadaigh ina cheanncheathrú/stiúideo láir don aos ealaíne rannpháirteach 7 don lucht éisteachta araon.

Is é an tionscadal seo an chéad togra comhpháirtíochta idir Halla an Línéadaigh agus Clár na nEalaíon Poiblí de chuid Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo faoi chúram Gaynor Seville. Ealaíontóirí atá bunaithe i Maigh Eo agus a chuir isteach ar na coimisiúin trí chóras iomaíochta oscailte a chruthaigh an tsraith insuiteáin sealadacha. Roghnaigh Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh agus meantóirí an tionscadail na healaíontóirí deireanacha. Is iad taithí ar obair shealadach chomh maith le doiciméadú agus iarmhairt na hoibre sealadaí na téamaí atá ag FIND. Spreagadh ealaíontóirí le saothair folaithe nó mhíntláithe a cheapadh a scaoilfeas a rúin ‘go slítheánta’, in imeacht an turais leis an léarscáil – ní a spreagfas daoine leis na saothair a aimsiú.

Is iad na healaíontóirí as Maigh Eo a roghnaíodh do na coimisiúin Ian Wieczorek, Amanda Rice, Chris Leach, Nuala Clarke, Alice Dixon agus Joanna Hopkins.

Bhí an deis ag na healaíontóirí seo meantóireacht agus tacaíocht a fháil le linn fhorbairt agus fhíoradh a meabhraíochta ó bheirt ealaíontóirí a bhfuil meas idirnáisiúnta orthu, Alice Maher agus Aideen Barry. Bhí aisbhreathnú iontach rathúil ar chéad leath a saol ealaíne ag Alice san IMMA anuraidh agus tá taithí céadtach oibre aici le healaín suiteála, suíomhoiriúnaithe agus ama. Tá cleachtas iloibritheach ag Aideen Barry a chuimsíonn réim cineálacha ealaíne agus cur chuige, an dealbhóireacht, léiriú, tarraingt agus beochan ina measc. Is crann taca í Aideen don aos amharcealaíne in iarthar na hÉireann mar chuid dá dualgas agus í ina hIonadaí an Iarthair d’Amharcealaíontóirí na hÉireann.

Is Léachtóir í i Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh mar a mbíonn sí ag teagasc Dealbhóireacht agus na Meáin Traschórais.

Léireoidh taispeántas tionlacain i Halla an Línéadaigh an saothar stiúideo chomh maith le próiséas cúl-táirgthe saothair na n-ealaíontóirí. Déanfar ealaín bheo shuiteála, nó stiúideonna ealaíontóirí go bunúsach, den dánlann i rith mhí an taispeántais agus beidh deis ag baill den lucht féachana i rith na míosa faire ar na healaíontóirí agus casadh leo i mbun oibre ann.

# IAN WIECZOREK

## LOCATION:

The passageway linking to the Foyer of the Linenhall Arts Centre from Linenhall Street.

## PROJECT OVERVIEW:

The video/audio installation *Everything That Rises Must Converge* presents what appears to be a disembodied regenerating flame, but is in fact footage of a torrent of water. The imagery transcends its physical source and becomes its opposite: water is transformed into fire by way of *trompe l'oeil* alchemy, evoking connotations of spontaneous generation, nuclear fusion, even the Biblical burning bush, and acknowledging Marco Costa's proposal that new technologies are creating conditions for a new kind of expression of the Sublime. The title *Everything That Rises Must Converge* is by way of French philosopher and Jesuit priest Pierre Teilhard de Chardin and his concept that everything in the universe is in a state of evolution towards a maximum level of consciousness.

As an evocation of dynamic energy, the work's location acknowledges and reinforces the status of the Linenhall Arts Centre as a focus for creative/artistic energy and endeavour in the town. The passageway off the main thoroughfare of Linenhall Street adds a dramatic spatial element to the work both visually and aurally, and also a transformed experience of a generally perceived 'dead area' for the passer-by. A sound element is also incorporated into the artwork. The work will be experienced from the street every evening from 6pm to 11pm daily.

WWW.IANWIECZOREK.COM

## AN tIONAD:

An bealach siúil ó Shráid Halla an Línéadaigh go Forhalla Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh.

## FORAMHARC AN TIONSCADAIL:

Léiríonn an físeán/closán suiteáilte *Everything That Rises Must Converge* macasamhail de lasair dhíchollaithe á hathbheochain, ach ar mír scannáin de chaise uisce é ó cheart. Tarchéimníonn na samhlaoidí a bhfoinse fhisiciúil agus glacann a gcodarsnacht chuige féin: déantar tine den uisce le cleas an trompe l'oeil, a mheabhraíonn uathghiniúint, comhleá eithneach, go fiú tor ar lasadh an Bhíobla agus aithníonn maíomh Marco Costa go bhfuil na nuatheicneolaíochtaí ag cruthú cineál eile coinníollacha do chineál ráiteachais nua ar an uasdiamhaire nó an Sublime.
D'eascair an teideal *Everything That Rises Must Converge* ón bhfealsamh Francach, an sagart Íosánach Pierre Teilhard de Chardin agus as a choinceap go bhfuil gach ní san ollchruinne ag éabhlóidiú i dtreo uasleibhéal comhfheasa.

Aithníonn agus treisíonn loc an tsaothair ar mhodh fuinniúil bríomhar gradam Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh mar lárionad do dhúthracht 7 d'fhuinneamh cruthaitheach/ealaíne an bhaile. Cuireann an bealach siúil ón bpríomhshráid ag Sráid Halla an Línéadaigh agus gné dhrámatúil na háite leis an saothar go feiceálach agus ar an gcluais, chomh maith le mothú na háite a bhí 'marbh' a bheith athmhúscailte don té a shiúlfas tríd.  Braithfear an saothar ar an tsráid gach tráthnóna óna 6 i.n. go 11 i.n. ar bhonn laethúil.

WWW.IANWIECZOREK.COM



# AMANDA RICE

## LOCATION:

Live Tug of War on the Mall on 29th of March.
Archive: For the month of April at the Linenhall.

## AN tIONAD:

Tarraingt Téide beo ar an Meal 29 Márta.
An Chartlann: Ag Halla an Línéadaigh mí Aibreáin.

## PROJECT OVERVIEW:

Active from 1942-1981 Western Hats Ltd. was a significant economic presence and major employer in Castlebar for four decades. Amanda Rice has been working closely with the former employees of Western Hats in compiling a body of research on this prominent local company. As part of FIND she focuses on a fascinating discovery of a photograph of the factory's all-ladies tug-of-war team which relates to a one-off event that took place in Castlebar in 1958. Through contemporary accounts gathered from participants and eyewitnesses, Rice will re-stage the event with the aid of the relatives from the original team on The Mall in Castlebar - the original site of the 1958 event.

By comparing varied and conflicting versions of the event, disparities and distortions associated with re-constructive memory are revealed. Thus the re-staged tug-of-war is not so much a literal re-enactment as a fictitious account that reflects the subjectivity of recollected history. It seeks to act as celebratory event chronicling a forgotten and seemingly arbitrary trace of a major contributor to Castlebar's industrial and social history.

The artist acknowledges with warmest thanks local historians Ernie and Susanna Sweeney, all of the former employees and relatives of Western Hats, St. Josephs Secondary School Transition Years and the Connaught Tug-of-War Clubs for their generous assistance in the realisation of this project.

## FORAMHARC AN TIONSCADAIL:

B'údar suntasach geilleagair agus b'fhostóir mór i gCaisleán an Bharraigh é Western Hats Ltd. ar feadh daichead bliain (1942-1981). Bhí Amanda Rice ag obair go dlúth le hiarfhostaithe de chuid Western Hats chun meall taighde a thiomsú faoin gcomhlacht suntasach áitiúil seo. Díríonn sí ar son FIND ar fhionnachtain iontach, grianghraf d'fhoireann tarraingthe téide ban, a bhain le himeacht aon uaire a reáchtáladh i gCaisleán an Bharraigh i 1958. Trí chuntais chomhaimseartha a bailíodh ó rannpháirtithe agus ó fhinnéithe, athreáchtálfaidh Rice an t-imeacht le cuidiú ó ghaolta na foirne bunaithe ar an Meal i gCaisleán an Bharraigh – bunsuíomh an teagmhais i 1958.

Tugtar chun léargais difríochtaí agus saobhadh na cuimhne ath-inchiallaithe trí chodarsnaí agus ilghnéitheacht cuntais an imeachta a chur i gcomórtas. Ní athchruthú fíor dá bhrí sin a bheas san atarraingt téide chomh mór is a bheas ina cuntas mar dhea a léireoidh suibiachtúlacht na staire ar athchuimhne. Beidh sé ag iarraidh bheith ina imeacht comórtha a dhéanfas trácht ar rian treallach, ba dhóigh leat, rannpháirtí mór i stair shóisialta agus tionsclaíochta Chaisleán an Bharraigh.

Admhaíonn an t-ealaíontóir go bhfuil sí faoi chomaoin mhór ag lucht staire áitiúil Ernie agus Susanna Sweeney, gach iarfhostaí is a ngaolta as Western Hats, lucht Idirbhliana Mheánscoil Naomh Iosaef agus ag Cumainn Tarraingthe Téide Chonnacht as a gcuidiú flaithiúil leis an tionscadal seo a chur i gcrích.






# CHRIS LEACH

## LOCATION:

Various.

## AN tIONAD:

Ionaid éagsúla.

## PROJECT OVERVIEW:

Chris's art practice over the last few years has consistently been about dialogues of scale and perspective. An aspect of recent work has been concerned with highly detailed miniature drawings of cityscapes around the world.
One of the main concerns in the work is how our psychological understanding of the world is formulated by not only direct experience but a sense of space and scale, our ability to navigate the world, the physical parameters of our own personal journeys.
For the FIND project Chris has engaged with a number or businesses and organisations around the centre of Castlebar. He interviewed individuals in each location to find out about the journeys that they have undertaken around the world. He is interested in how those physical relations overlap and build connections both for the individual concerned and in their understanding of how the world is constructed and how those connections relate to the local social structure. Miniature drawings of each location have been produced. As the work is very small scale, the works are installed discreetly within a particular environment so that although not immediately apparent they require a degree of investigation to find them. For the accompanying exhibition at the Linenhall Arts Centre, he will be displaying the background and research information regarding each of the drawings. This work would seek to outline for the audience the wider conceptual basis of the work and would also include transcripts of interviews with each participant outlining the reasons for choosing their particular locations, along with images and accompanying documentation. This work would form an integral part of the 'complete' artwork, allowing me to highlight aspects and information that although perhaps inferred in the drawings would clarify and expand on the research information gathered from the project. He will be exhibiting again at Claremorris Gallery this year in a joint show with Brian Fay, and will be represented at the Hong Kong Affordable Art Fair.

WWW.CHRIS_LEACH.COM

## FORAMHARC AN TIONSCADAIL:

Ba é idirghabháil an toise agus na dearcasachta phríomhchleachtas Chris i dtólamh sna blianta deireanacha seo. Bhain gné amháin dá shaothar ar na mallaibh le mionlíníochtaí iontach mionsonraithe de dhreacha cathracha mórthimpeall an domhain. Ar cheann de chroíspéiseanna an tsaothair is ea an dóigh nach trí thaithí dhíreach amháin a mhúnlaímid ár dtuiscint aigneolaíochta ar an saol, ach go múnlaítear sinn trí mhothú spáis is tomhais, trínár gcumas stiúrtha sa saol 7 trí thoisí ár n-aistear pearsanta saoil.

Don tionscadal FIND, chuaigh Chris i dteagmháil le roinnt gnólachtaí agus eagraíochtaí thart ar lár Chaisleán an Bharraigh. Chuir sé agallamh ar dhaoine ag gach láthair le fáil amach faoi na haistir a dtug siad fúthu timpeall an domhain. Is spéis leis an dóigh a fhorluíonn na gaoil sin ar a chéile agus an dóigh a thógann siad naisc don duine áirithe mar aon lena dtuiscint ar dhéanamh an domhain agus ar an dóigh a mbaineann na naisc sin le déanamh phobal na háite. Rinneadh miontarraingtí de gach suíomh. Tharla gur saothar miontoisí atá i gceist, suitear ar mhodh rúndiamhair iad in ionaid áirithe sa dóigh nach léir caol díreach iad ach go nglacfaidh sé roinnt saibhseála le hiad a aimsiú. Don taispeántas a ghabhann leis in Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh, beidh léiriú ar chúlra agus ar an eolas taighde a bhain le chaon cheann de na tarraingtí. Ba mhian leis an léiriú seo éirim bhunús an tsaothair a achoimriú don lucht féachana agus chuimseodh sé freisin tras-scríbhinní d'agallaimh le gach rannpháirtí ag míniú cén fáth ar roghnaigh sé/sí na hionaid ar leith, chomh maith leis na híomhánna agus cáipéisí a bhain leo. Ba dhlúthchuid an léiriú seo den saothar 'iomlán' ealaíne, léiriú a ligfeadh dó gnéithe agus eolas a thabhairt chun suntais, nithe b'fhéidir nach dtabharfaí ach leid fúthu sna tarraingtí, shoiléireoidís agus chuirfidís leis an eolas taighde a bailíodh ón tionscadal.

WWW.CHRIS_LEACH.COM



# NUALA CLARKE WITH CRYSTAL GANDRUD

## LOCATION:

Flag poles along Castle Street.

## FIND PROJECT OVERVIEW:

Woven Found, an installation of linen flags flying over Castlebar's Castle Street, celebrates the boom times of the linen industry. Unfolding local history through the interwoven play of image and word, the flags offer non-linear insight into the processes and vivid idioms of the linen world. Each flag reveals a story of the production of linen and its larger significances to the human experience. The installation explores the many ways in which a mundane industry reflects a specialness of place with a profound mystery all its own.

Limited edition booklets related to this project will be available at the Linenhall gallery.
With special thanks to Thomas Collins of Collins Estate Agents and Catherine Brennan of Castle Book Shop, Castle Street.

WWW.NUALACLARKE.COM / WWW.ACTUALLYORANGE.COM

## AN tIONAD:

Cuaillí brataí le taobh Shráid an Chaisleáin.

## FORAMHARC AN TIONSCADAIL:

Comórann insuiteán brataí línéadaigh, Woven Found, ar foluain os cionn Shráid an Chaisleáin, Caisleán an Bharraigh, ré na maitheasa i dtionscal an línéadaigh. Tugann na bratacha léargas neamhlíneach ar phróiseas is ar leaganacha beoga i saol an línéadaigh trí léiriú na staire áitiúla lena n-imirt focal agus íomhánna fite ina chéile. Nochtann gach aon bhratach scéal táirgthe an línéadaigh chomh maith lena thábhacht bhreise do thaithí an duine. Cíorann an t-insuiteán an iliomad bealaí ina nochtann gnáth-thionscal saolta uathúlacht na láithreach lena fíor-rúndiamhracht ar leith féin.

Beidh fáil ar eagrán teoranta de leabhráin faoin tionscadal seo ag Dánlann Halla an Línéadaigh. Faoi chomaoin mhór ag Thomas Collins, Collins Estate Agents agus ag Catherine Brennan, Castle Book Shop, Sráid an Chaisleáin.

WWW.NUALACLARKE.COM / WWW.ACTUALLYORANGE.COM



# ALICE DIXON & ANTHONY CHAMPA (EXTERUS)

## LOCATION:

Ellison Street.

## AN tIONAD:

Sráid Ellison.

## PROJECT OVERVIEW:

“between the raindrops” from Exterus is a light based installation that plays with the façade of an unoccupied building inviting the public to interact in an accessible format. As the piece is subtle and not strikingly obvious as a work of art it invokes the natural curiosity inside each person to look closer and perhaps play with the work.

Empty buildings in the cities and towns have become commonplace, these buildings are seen as dysfunctional and lost architecture and as we begin to stop noticing them they become invisible. By bringing life into these empty buildings on a temporary basis it changes the urban landscape and can have a lasting effect on the people who engage with it.

Using light was the perfect solution to reactivating empty and disused space due to its association with warmth and habitation. The act of passers-by triggering and essentially becoming part of the piece unknowingly, literally lighting up the building, adds a perfect element of surprise and is an interesting document of how many people are aware of their surroundings and the space they move through routinely. The piece will be visible in the evening from twilight.

## FORAMHARC AN TIONSCADAIL:

Insuiteán solasbhunaithe a imríonn ar éadan foirgnimh fholaimh atá in “between the raindrops” le Exterus. Iarrann sé ar an bpobal idirghníomhú i bhformáid inrochtana.

Tharla gur mín an saothar agus nach suntasach soiléir mar shaothar ealaíne é, dúisíonn sé fiosracht aiceanta in achan duine é a ghrinniú agus b’fhéidir, imirt leis an saothar.

Is coitianta foirgnimh folmha sna cathracha is sna bailte móra. Meastar iad a bheith mífheidhmiúil agus mar ailtireacht chaillte agus de réir mar a chaillimid spéis iontu éiríonn siad dofheicthe. Trí bheocht a thabhairt isteach sna foirgnimh seo ar bonn sealadach, aithrítear dreach na cathrach agus is féidir tionchar buan a imirt ar na daoine a théann i ngleic leis.

Ba é an imirt solais an réiteach ab fhearr d’athbheochain spáis fholaimh i ngeall ar an mbaint a bhí aige le teas agus le cónaí. Cuireann gluaiseacht daoine thar bráid go gleoite le gné an iontais óir is iad i ndáiríre mar chuid den saothar, i ngan fhios dóibh féin, a splancann an foirgneamh faoi laom solais, agus is taifead spéisiúil an líon daoine a bhraitheann an t-imshaol agus an áit a ngluaiseann siad tríd go rialta.

Beidh an saothar feiceálach ó chlapsholas gach tráthnóna.





# JOANNA HOPKINS

## LOCATION:

Front Window, Patrick Fahys' Giftware, Main St. Archive - Castlebar Cinema archive for the month of April at the Linenhall.

## PROJECT OVERVIEW:

Hopkins has carried out a thorough research project gathering information from the public, including interviews, images and newspaper articles referencing one of Castlebar's first Silent Cinemas, the Star Picture Palace. Located on Main St. from 1919 to 1923, it was situated behind what is now Patrick Fahy's Gift and Hardware Shop.

The silent cinemas in the 1920's featured local musicians who played improvised music to accompany the screenings of the films. Hopkins will utilise the still existing space to create a piece of film work that pays homage to a local Pianist, Grace Delayney, who played in the cinema. A specially commissioned piece of original music by Grace's great grand daughter will be performed, referencing the 1918 Irish film 'Knocknagow', the first film that was screened in the Star Cinema.

This revised and playful merging of silent films and music intends to pay tribute to the local musicians who played here and to uncover the hidden cinematic history of this building. The film work will be revealed through a specially adapted 'invisible' screen, which the audience must seek out in order to view the work.

Hopkins will use the Gallery Space at the Linenhall for the month of April as an open studio to further research the history of cinemas and film in Castlebar, and invites the public to contribute with stories, images and articles.

With warmest thanks to Mary Fahy and family, and Dee Gavin and family for their generous time and contribution to this project.

WWW.JOANNAHOPKINS.COM

## AN tIONAD:

An Fhuinneog Tosaigh, Patrick Fahy's Giftware, An Phríomhshráid. Cartlann – Cartlann Phictiúrlainne Chaisleán an Bharraigh ag Halla an Línéadaigh do mhí Aibreáin.

## FORAMHARC AN TIONSCADAIL:

Chuir Hopkins tionscadal taighde ceart críochnaithe i gcrích ag tiomsú eolais ó na daoine, a chuimsigh agallaimh, íomhánna agus gearrthóga nuachtáin a thagair do cheann de chéad Bhalbhphictiúrlanna Chaisleán an Bharraigh, an Star Picture Palace. Ar an bPríomhshráid a bhí sé idir na blianta 1919 agus 1923. Bhí sé taobh thiar den áit a bhfuil Patrick Fahy's Gift and Hardware Shop anois.

Chasadh ceoltóirí na háite a bhí go mór faoi thrácht foinn tobchumtha mar thionlacan le léiriú na scannán i bpictiúrlanna balbha na 1920í. Bainfidh Hopkins feidhm as an spás atá ann fós le mír de shaothar scannáin a chomórann Grace Delaney, an Pianadóir áitiúil a chasadh sa phictiúrlann. Seinnfear ann saothar nua ceoil a coimisiúnaíodh go huathúil le gar-gar-iníon Grace is a thagraíonn do 'Knocknagow', scannán Éireannach ón mbliain 1918, an chéad scannán a léiríodh sa Star Cinema.

Is mian leis an gcumascadh athchóirithe spraíúil seo de bhalbhscannáin is de cheol mór a dhéanamh de cheoltóirí na háite a chasadh anseo agus stair cheilte phictiúrlannaíochta an fhoirgnimh seo a nochtadh. Léireofar an saothar scannáin ach le féachaint air, caithfidh an lucht féachana an scáileán sainoiriúnaithe 'dofheicthe' a aimsiú.

Bainfidh Hopkins feidhm as Slí Dánlainne Halla an Línéadaigh i mí Aibreáin mar stiúideo oscailte le stair na bpictiurlann is an scannáin i gCaisleán an Bharraigh a iniúchadh tuilleadh. Tugann sí cuireadh do chách cuidiú le scéalta, íomhánna is le hailt.

Buíochas ó chroí le Mary Fahy is a teaghlach, agus le Dee Gavin is a teaghlach as a gcuidiú agus as a gcuid ama a roinnt go fial leis an tionscadal seo.

WWW.JOANNAHOPKINS.COM








# THE OVERLOOKED

## *"HOW SHALL YOU KNOW"? CONSULT YOUR EYE!*

Emily Dickinson

Castlebar is a well established town with a long recorded history. But some of that history has fallen out of memory. Time has the unusual ability to erode certainty. Things that were definite, that were permanent; stone structures, heaving behemoths of industry, spaces of social exchange, artistic production and dissemination can be dissolved and erased as if they never existed. For memory is a moveable feast. But for an artist, memory is always a rich and fertile ground, an ever-changing multi layered landscape. Our hidden, our ignored, our overlooked once reimagined can uncover gems of knowledge and emotional archeology. In the Looking we have the Finding. All the artists participating in this project have undertaken a journey of excavation, jumped into the cracks of time and come out with a memory-map of unusual complexity. Some of them re-enact or re-stage memory. Some re-awaken space memory. Some play with word memory, some bathe us in colour memory or stir up sound memory. Not only have the artefacts of past peoples, past communities, past rituals, past industries been exposed to our contemporary lens but so too have the banal and the redundant been reborn and re-imagined. By their sensitive investigations and their research but most of all by their each adding their own individual visions, the artists of FIND have really reawakened the memory of a town and illuminated the shadows of its history. Their forays into the hidden and the overlooked have born much fruit, not just for these venturers but indeed for the people and community of Castlebar, for truth and beauty, past and present certainties, are waiting to be questioned and uncovered. All you have to do is FIND them.

**Alice Maher / Aideen Barry**

WWW.ALICEMAHER.COM

WWW.AIDEENBARRY.COM





F I N D

Is baile téagartha é Caisleán an Bharraigh a bhfuil a stair fhada breactha síos. Tá cuid den stair sin imithe as cuimhne na ndaoine áfach. Más ait féin é, thig leis an am an chinnteacht a leá. An méid a bhí buan, cinnte, na déanmhais chloiche, na hollfhathaigh mhóra tionscail, na hionaid chaidriúla, táirgthe ealaíne agus na hionaid eisiúna, is féidir iad a leá is a chur ar ceal amhail is nárbh ann dóibh riamh. Óir is béile ar bogadh an chuimhne. Don ealaíontóir áfach, ithir mhéith thorthúil is ea an chuimhne i dtólamh; tírdhreach ilchisil ilathraitheach. A bhfuil ceilte againn, ar neamhaird againn, scaoilte tharainn, ach é a athshamhlú, thig leis cnó Seaghsa agus mothúcháin aois na chloiche a nochtadh. Sa Lorg atá an Éadáil againn. Bhí gach ealaíontóir a ghlac páirt sa tionscadal seo ar aistear tochailte, chaith léim isteach i scoilteanna an ama agus d'fhill le léarscáil cuimhne neamhghnách fíorchasta. Athachtaíonn nó athstáitsíonn cuid acu cuimhne. Athmhúsclaíonn roinnt cuid acu cuimhne an spáis. Imríonn cuid acu le cuimhne focal, folcann roinnt eile i gcuimhne datha sinn nó spreagann an chuimhne fuaime. Ní hamháin gur nochtadh dár súile cinn comhaimseartha déantáin ciní a chuaigh romhainn, pobail romhainn, deasghnátha romhainn, tionscail romhainn, ach athghineadh agus athshamhlaíodh freisin an ní atá seanchaite iomarcach. Trína gcuid imscrúduithe mothálacha is trína dtaighde, ach thar aon ní trína ndúthracht físeanna uathúla féin, d'athmhúscail ealaíontóirí FIND go deimhin gach cuimhne faoi bhaile agus shoilsíodar léas ar scáth na staire ann. Thug a ruaigeanna faoina raibh ceilte agus dearmadta toradh céadtach, ní hamháin do na fiontraithe seo ach go deimhin do na daoine 7 do phobal Chaisleán an Bharraigh, mar tá fírinne is áille, cinnteachtaí an ama a caitheadh 7 an t-am comhaimseartha ag fanacht le freagra ceiste a roinnt. Níl le déanamh agat ach iad a aimsiú, nó FIND them.

**Alice Maher / Aideen Barry**

WWW.ALICEMAHER.COM

WWW.AIDEENBARRY.COM

## IAN WIECZOREK

Ian Wieczorek's practice is based primarily in painting, more recently also video and installation. Since 2003 he has exhibited widely in group/selected shows in Ireland (including RHA Annual Exhibition, CCA:RDS Collective Contemporary Art; COE/Claremorris Open Exhibition, and IONTAS), and internationally in N. Ireland, Germany, France, Portugal and China. Recent solo exhibitions include Market Place Arts Centre, Armagh, N. Ireland (2012); University of Leeds School of Design, UK (2012); Custom House Studios and Gallery, Westport, Co. Mayo (2013); and The Courthouse Gallery, Ennistymon, Co. Clare (2013). Sepulchre, a large-scale sculpture/intervention based in a derelict cottage was commissioned as part of the Greenway Artists Initiative Sculpture Project, Co. Mayo in 2012.

## AMANDA RICE

Amanda Rice is a visual artist living and working between Mayo and Cork. Rice works in lens based media, light and video to create installations which explore the remains of failed utopian systems.
She has exhibited nationally and internationally, selected exhibitions include 2013; A Spectacular Form of Amnesia, (Solo), the Customs House Gallery and Studios, Ireland, NLA IV, Irish Museum of Contemporary Art (IMOCA) 2012; Watching the River Flow, Curated by Sean Walsh, Centro de Artes, Portugal, Cutting a Door curated by Robert O Connor, Eastlink Gallery, Shanghai, 2011: CUBEOpen 2011 (work shortlisted for annual residency at CUBELab2012) at the CUBEGallery, Manchester.
In 2013 she was awarded a Scholarship though the Province of Styria (Austria) and an Arts Council of Ireland Travel and Training award for the production of 'A Spectacular Form of Amnesia' and was exchange artist to AIR Krems, Austria (through the Customs House Gallery and Studios). Other awards include Arts Council of Ireland Travel and Training and Cork City Council Twinning Award for the BIAP Platform China Residency in 2011.
Rice was a member and contributor to visual arts collective Cork Contemporary Projects (2009-2010). Her work can be found in the collections of Cork City Council (2012) and CIT (2008) and a variety of private collections.

## CHRIS LEACH

Born in 1970. Chris Leach lives and works in County Mayo. He has shown work with Oonagh Young Gallery and with the Claremorris Gallery. He has also shown with the Smart Clothes Gallery in New York. He had a solo exhibition at Ballina Arts Centre in 2012 and has exhibited in group shows at EV&a Exhibition in Limerick, Tulca exhibition in Galway and at the Claremorris Open exhibition.

## IAN WIECZOREK

Ar an bpéintéireacht is mó atá cleachtas Ian Wieczorek bunaithe, ach freisin, ar ealaín físeáin agus suiteála le déanaí. Thaispéain sé saothar go fada fairsing ó 2003 i leith ag taispeántais roghnaithe/grúpa in Éirinn (san áireamh Taispeántas Bliantúil an RHA, CCA: RDS Ealaín Teaglamach Comhaimseartha; COE/Taispeántas Oscailte Chlár Chlainne Mhuiris, agus IONTAS), agus go hidirnáisiúnta i dTuaisc. Éireann, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Phortaingéil is sa tSín. Ar na taispeántais le déanaí bhí Ionad Ealaíne an Aonaigh, Ard Mhacha, T. Éireann (2012); Scoil an Deartha, Ollscoil Leeds, An RA (2012); Dánlann 7 Stiúideo Theach an Chustaim, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo (2013); agus Dánlann Theach na Cúirte, Inis Díomáin, Co. an Chláir (2013). *Sepulchre*, fuair dealbh/idirghníomhaíocht ollmhór a socraíodh i mballóg tigín coimisiún mar chuid de Thionscadal Dealbhóireachta Thionscnamh Ealaíontóirí an Bhealaigh Ghlais, Co. Mhaigh Eo in 2012.

## AMANDA RICE

Is amharcealaíontóir í Amanda Rice a chónaíonn is a oibríonn i Maigh Eo 7 i gCorcaigh. Oibríonn Rice le meáin lionsa-bhunaithe, solas agus le físeáin chun ealaín suiteála a chruthú a thaiscéalann iarmhar córais útóipeacha ar theip orthu. Thaispeáin sí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, i measc a taispeántas roghnaithe 2013; bhí *A Spectacular Form of Amnesia*, (Aonar), Dánlann agus Stiúideo Theach an Chustaim, Éire, NLA IV, Iarsmalann na hEalaíne Comhaimseartha (IMOCA) 2012; *Watching the River Flow*, faoi chúram Sean Walsh, Centro de Artes, An Phortaingéil, Cutting a Door faoi chúram Robert O Connor, Dánlann Eastlink, Shanghai, 2011: CUBEOpen 2011 (a saothar ar an ngearrliosta do chónaíocht bhliantúil CUBELab2012) ag an CUBE Gallery, Manchain.
Bronnadh Scoláireacht uirthi 2013 trí Chúige na Styria (An Ostair) agus trí ghradam Taistil is Oiliúna de chuid Chomhairle Ealaíne na hÉireann as *'A Spectacular Form of Amnesia'* a léiriú agus ba ealaíontóir malartach í le AIR Krems, An Ostair (trí Dhánlann is Stiúideo Theach an Chustaim). I measc gradam eile bhí Taisteal is Oiliúint le Comhairle Ealaíne na hÉireann agus Gradam Nascadh Chomhairle Chathair Chorcaí do Chónaitheacht BIAP Platform na Síne 2011. Ba bhall agus ba ealaíontóir í de chomhar amharcealaíontóirí Thionscadail Chomhaimseartha Chorcaí (2009-2010). Tá fáil ar a saothar i mbailiúcháin Chomhairle Chathair Chorcaí (2012) agus CIT (2008) agus i gcnuasaigh phríobháideacha éagsúla.

## CHRIS LEACH

Rugadh Chris 1970 agus tá sé ina chónaí i gContae Mhaigh Eo anois. Thaispeáin sé saothar i nDánlann Oonagh Young agus i nDánlann Chlár Chlainne Mhuiris. Bhí taispeántas aige freisin i nDánlann Smart Clothes i Nua-Eabhrac. Bhí taispeántas aonar aige in Ionad Ealaíne Bhéal an Átha agus léirigh sé saothar mar chuid de na taispeántais EVÁ i Luimneach, Tulca i nGaillimh agus ag taispeántas Oscailte Chlár Chlainne Mhuiris.





F

## NUALA CLARKE WITH CRYSTAL GANDRUD

Nuala Clarke and Crystal Gandrud have been in collaboration since 2010. Their merged practices of visual and textual art unfold on a continuum, as part of an interconnected series evolving over time. Both performed "Fair Shouldered One" (a book which is not a book) at the &Now Literary Festival in Paris, 2012 and installed "Between Spaces", a Yeats inspired dreamscape at the Hamilton Gallery, Sligo, 2013.
Clarke has been represented by Boltax Gallery in New York since 2005. Recent shows include, (2012) Amid a Space Between: Irish Artists in America at the SFMoMa Artists Gallery, San Francisco; (2013) To Tremble into Stillness, at Hamilton Gallery, Sligo; RHA invited artist, A drawing for Everything, Ballinglen Arts Foundation, Ballycastle, Co. Mayo.
Crystal Gandrud is currently creating a digital publishing structure entitled "Dream of the Drawing for Everything" in partnership with The Design Office, Providence, RI. Recent publications include "Yeastian: Numberless Dreamers", The Encyclopedia Project, 2014, "Here", Lost Magazine, and "Idiom: Woodbird Flies Early", The Encyclopedia Project. She is working on a memoire, "Astonishment: A Litany of the Uncanny", for Shambhala Publications. She writes in New York City and Normandy, France.

I

## ALICE DIXON & ANTHONY CHAMPA (EXTERUS)

Exterus is a collaboration between the visual artists Alice Dixon (ROI) and Anthony Champa (US). We create pieces in response to the belief that what is often seen as the initial dynamism of public artworks often quickly becomes lost or these pieces fade into the surrounding scenery solely through their existence as static objects. We have seen that after a period of time one becomes acclimated to almost anything new no matter how large, gestural, or site specific, therefore all of our projects are created to act in response to or interaction with the public changing over time or existing solely as temporary interventions.

## JOANNA HOPKINS

Joanna Hopkins works predominantly in video, photography and installation, with a focus on interactive works. She has exhibited widely across Ireland and Northern Ireland, and was the first recipient of the recent Visual Artists Ireland and Digital Art Studios Belfast Residency Award. She was a recipient of the 2013 Mayo Arts Office Tyrone Guthrie Bursary. Recent solo exhibitions include 'Polarise' at Catalyst Arts Belfast, June 2013. Recent group exhibitions include 'Illusion' at Science Gallery Trinity College Dublin, 2013 and the CATA Project at EVÁ International 2012. Upcoming exhibitions for 2014 include The Science Centre San Diego and Discovery Place in North Carolina, USA.

## NUALA CLARKE WITH CRYSTAL GANDRUD

Tá Nuala Clarke is Crystal Gandrud ag comhoibriú le chéile ó 2010 i leith. Nochtann a gcomhchleachtais de théacs agus amharcealaíne ar shraithlíne, mar chuid de shraith chomhnasctha a fhorásfaidh le himeacht ama. Léirigh an bheirt acu *"Fair Shouldered One"* (leabhar nach leabhar é) ag an bhFéile & Now Literary i bPáras, 2012 agus chrochadar *"Between Spaces"*, tír taibhrimh a spreag Yeats iontu, ag Dánlann Hamilton, Sligeach, 2013.
Sheas Dánlann Boltax i Nua-Eabhrac le saothar Clarke ó 2005 i leith. I measc na dtaispeántas, (2019) *Amid a Space Between: Irish Artists in America* ag an SFMoMa Artists Gallery, San Francisco; (2013) *To Tremble into Stillness*, ag Dánlann Hamilton, Sligeach; ealaíontóir ar cuireadh an RHA, A drawing for Everything, Arts Foundation Bhaile an Ghleanna, Baile an Chaisil, Co. Mhaigh Eo.
Tá Crystal Gandrud ag cruthú bonneagar foilsitheoireachta digití faoi láthair dar teideal *"Dream of the Drawing for Everything"* i gcomhar le The Design Office, Providence, RI. Ar na foilseacháin deireanacha tá *"Yeastian: Numberless Dreamers"*, The Encyclopedia Project, 2014, *"Here"*, Lost Magazine, agus *"Idiom: Woodbird Flies Early"*, The Encyclopedia Project. Tá sí ag obair ar chuimhní cinn, *"Astonishment: A Litany of the Uncanny"*, do Shambhala Publications. Is i gCathair Nua-Eabhrac agus i Normainn na Fraince a scríobhann sí.

## ALICE DIXON & ANTHONY CHAMPA (EXTERUS)

Comhar na n-ealaíontóirí físe Alice Dixon (Éire) agus Anthony Champa (SAM) atá in Exterus. Cruthaímid saothair de thoradh na tuairime go gcailltear fuinneamh tosaigh saothair ealaíne poiblí go tapa go minic, nó leánn na saothair seo isteach sa timpeall ina suitear iad ar an mbonn amháin de dheasca iad a bheith sa saol mar nithe gan chorraí. Tá feicthe againn go n-éiríonn an duine róchleachta le nach mór aon ní nua, ar neamhchead do mhéid, gotha, nó do shuíomhoiriúint. Cruthaítear ár gcuid tionscadal ar fad dá bhrí sin d'fhonn gníomhú mar fhreagra nó mar idirghníomh leis an bpobal i rith an ama, sin, nó mar idirghníomhaíocht shealadach.

N

## JOANNA HOPKINS

Oibríonn Joanna Hopkins le físeán, grianghrafadóireacht is le healaín suiteála go príomha, ag díriú ar shaothar idirghníomhach. Thaispeáin sí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann go forleathan 7 ba í an chéad duine ar bhronn Ealaíontóirí Físe Éireann agus Digital Art Studios, Béal Feirste Gradam Cónaitheach uirthi.
Ba í a fuair Sparántacht Tyrone Guthrie Oifig Ealaíon Mhaigh Eo 2013. Ar cheann dá taispeántais le deireanas bhí 'Polarise' sa Catalyst Arts Béal Feirste, Meitheamh 2013. I measc na dtaispeántas ar na mallaibh bhí 'Illusion' i nDánlann an hEolaíochta, Coláiste na Tríonóide, BÁC, 2013 agus an CATA Project ag an Eva International 2012. I measc taispeántais ar na bacáin i mbliana tá The Science Centre San Diego agus Discovery Place i gCarolina Thuaidh, SAM.

D

## EVENT DAY: SAT 29TH MARCH 2014

| | |
|---|---|
| 2.00pm | Welcome – project managers – Gaynor Seville and Marie Farrell. |
| 2.15pm | Talk by Aideen Barry , FIND mentor, followed by walk to: |
| 3.00pm | The Mall, Tug of War performance.  Amanda Rice artwork.<br><br>This will be followed by a guided tour with the artists of some of the artworks, or audience can feel free to go and search out the works individually. |
| 5.00pm | Meet back at The Linenhall where refreshments/buffet will be provided.<br><br>Reading from Crystal Gandrud.<br><br>This will be followed by the launch of the artist's exhibition in the gallery where all artists are available to talk informally about their work.<br><br>The event will finish with viewing of evening/light based artworks. |

## SCHEDULE THROUGHOUT APRIL:

**Exhibition from 29th March until Saturday 26th April**

At least one artist will be working in the gallery studio every day, tours of artworks available on request.

**Saturday 19th April 2014**

| | |
|---|---|
| 2.00pm | Talks from the FIND artists plus introduction from mentor Alice Maher<br><br>There will be a coffee break in between the talks, and glass of wine afterwards for those who want to stay and chat to the artists! |

ALL WELCOME. THIS IS A FREE EVENT.





## LÁ IMEACHTAÍ: SATH 29 MÁRTA 2014

| | |
|---|---|
| 2.00 i.n. | Fáiltiú – na bainisteoirí tionscadail – Gaynor Seville agus Marie Farrell. |
| 2.15 i.n. | Caint le Aideen Barry, meantóir FIND, siúlóid ina dhiaidh chuig: |
| 3.00 i.n. | An Meal, taispeántas Tarraingthe Téide. Saothar ealaíne Amanda Rice.<br><br>Beidh turas treorach ina dhiaidh seo le roinnt d'ealaíontóirí na saothar, nó thig leis an lucht féachana imeacht ar camchuairt leis na saothair a bhrath astu féin. |
| 5.00 i.n | Tionól arís ag Halla an Línéadaigh mar a mbeidh sólaistí/smailcín bia ar fáil.<br><br>Léamh le Crystal Gandrud.<br><br>Beidh seoladh thaispeántas na n-ealaíontóirí sa dánlann ina dhiaidh seo mar a mbeidh na healaíontóirí ar fad ar fáil le caint faoina saothar go neamhfhoirmiúil.<br><br>Tiocfaidh an imeacht seo chun deiridh le faire saothair na soilse/tráthnóna. |

## SCEIDEAL MHÍ AIBREÁIN:

**Taispeántas ó 29 Márta go dtí an Satharn 26 Aibreán**

Beidh ealaíontóir amháin ar a laghad ag obair i stiúideo na dánlainne gach lá.

**Dé Sathairn 19 Aibreán 2014**

| | |
|---|---|
| 2.00 i.n. | Cainteanna ealaíontóirí FIND móide réamhrá ón meantóir Alice Maher.<br><br>Beidh sos caife idir na cainteanna, agus gloine fíona ina dhiaidh dóibh siúd a dteastaíonn uathu fanacht agus labhairt leis na healaíontóirí! |

FÁILTE ROIMH CHÁCH. SAORCHEAD ISTEACH.

# MAP/LÉARSCÁIL:

LOCATION OF PROJECTS AROUND CASTLEBAR TOWN.
PLEASE EXPLORE TO FIND.

IONAID NA dTIONSCADAL I gCAISLEÁN AN BHARRAIGH.
FÉACH A BHFAIGHE TÚ ANN LE DO THOIL.




## DETAILS:

For more details see the project website:
**www.findartproject.com**

## CONTACTS:

Project Managers:
Gaynor Seville, Public Art Co-ordinator,
gseville@mayococo.ie
Tel: 094 904 7561

Marie Farrell at The Linenhall
Linenhall@anu.ie

## SONRAÍ:

Le haghaidh breis eolais féach suíomh an tionscadail:
**www.findartproject.com**

## TEAGMHÁIL:

Na Bainisteoirí Tionscadail:
Gaynor Seville
Comh-ordaitheoir Ealaíne Poiblí:
gseville@mayococo.ie
Teil: 094 904 7561

Marie Farrell ag Halla an Línéadaigh
Linenhall@anu.ie

# ID FN

ART PROJECT



ARTISTS/NA hEALAÍONTÓIRÍ:
IAN WIECZOREK
AMANDA RICE
CHRIS LEACH
NUALA CLARKE WITH CRYSTAL GANDRUD
ALICE DIXON & ANTHONY CHAMPA (EXTERUS)
JOANNA HOPKINS

MENTORS/MEANTÓIRÍ:
ALICE MAHER
AIDEEN BARRY


the arts council
an chomhairle ealaíon
funding
visual arts
artscouncil.ie

Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

The Linenhall
arts centre